Aighneacht ó Fhorbairt Naíonraí Teoranta ar

Shamhail Nua Mhaoinithe Fhoras na Gaeilge

(Na Scéimeanna)



Meitheamh 2011

Cuireann Forbairt Naíonraí Teoranta (FNT) fáilte roimh athbhreithniú ar obair na hearnála Gaeilge, eagrais dheonacha agus eagrais stáit san áireamh, agus creideann FNT go bhfuil deis ar leith ann don earnáil faoi láthair agus gur cheart dúinn an deis sin a thapú go gasta.

Tábhacht Earnáil na Luathbhlianta

I mbliana beidh ar a laghad 20 naíonra nua ag oscailt, thart ar 300 leanbh sa bhreis a bheidh ag freastal ar sheirbhís cúram leanaí trí Ghaeilge. Mar sin beidh 180 + naíonra cláraithe le FNT don scoilbhliain 2011/2012. Gach lá bíonn teagmháil dhíreach ag FNT le 3,500 teaghlach, ag tacú leo an Ghaeilge a chur chun cinn agus ag soláthar cúraim ar ardchaighdeán do na leanaí.

Tá naíonraí sáite sa phobal ag brath ar thacaíocht an phobail go minic chun bunú agus buanú, ag cuidiú le leanaí ó chúlraí éagsúla imeascadh trí Ghaeilge. Cabhraíonn an Luath Thumadh Iomlán (LTI) le litearthacht na leanaí a fheabhsú, rud an-tábhachtach i gcomhthéacs na straitéise nua ar litearthacht agus ar uimhreacht atá á forbairt ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Agus an bhliain saor réamhscoile (ECCE) ar fáil ó thús 2010, tá brú ar naíonraí na tíre maidir le hoiliúint, le riarachán agus leis an dea-chleachtas is fearr a chur i bhfeidhm. Tá FNT agus na naíonraí ag tabhairt faoin obair bhreise seo go fuinniúil. Tá 4.6% de leanaí san aois cohórt lena mbaineann ECCE ag gabháil don réamhscolaíocht Ghaeilge sna naíonraí. Feictear d'FNT go bhfuil infheistiú leanúnach riachtanach d'infreastruchtúr na luathbhlianta Gaeilge, ach go háirithe maoiniú leanúnach ar bhonn ilbhliantúil.

Nuair a foilsíodh *Samhail nua mhaoinithe do na heagrais bhunmhaoinithe*, 26 Bealtaine 2010, mheas FNT gur athrú polasaí a bhí sa tSamhail ón treoir a bhí tugtha ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) i mí na Nollag 2009, .i. go bhfáilteodh Foras na Gaeilge roimh iarratas ó eagraíocht abhcóideachta amháin (nó líon beag d'eagraíochtaí abhcóideachta) agus ó ghrúpaí áitiúla a bhfuil cur chuige comhtháite acu maidir le hobair sa phobal, sa teaghlach, san oideachas agus leis an aos óg. Seasann an tuairim sin fós.

Sin ráite, tuigeann FNT go maith go bhfuil an staid eacnamaíochta athraithe le blianta beaga anuas agus go bhfuil gá le luach ar airgead a chinntiú agus go bhfuil athbhreithniú le déanamh ar obair na hearnála. Ní ghlacann FNT leis gur féidir earnáil dheonach na Gaeilge a reáchtáil ar bhonn scéimeanna amháin. Molann FNT cur chuige comhoibríoch idir na heagrais dheonacha agus forais stát, ag teacht leis an dea-chleachtas atá sainbhunaithe san earnáil go nuige seo.

Moladh: Cur chuige comhoibríoch maidir le forbairt, pleanáil agus feidhmiú idir na páirtithe leasmhara i leith na samhla nua mhaoinithe

Faoi láthair tá míshuaimhneas san earnáil i dtaca le todhchaí na n-eagras. I measc na n-ábhar atá ag déanamh buartha do bhoird, d'fhoirne agus d'úsáideoirí seirbhísí na hearnála tá: soláthar agus inbhuaintheacht seirbhísí san am atá le teacht, leanúnachas na hoibre agus na seirbhísí, cúrsaí fostaíochta agus rialachas agus neamhspleáchas na n-eagras. Níl cinnteacht ar bith ag na heagrais faoi a bhfuil i ndán dóibh i ndiaidh dheireadh 2011. Tá doiléireacht ag baint le critéir na scéimeanna agus lena gcur i bhfeidhm, gan trácht ar chuspóirí agus ar fhís na samhla agus ar an gcur chuige measúnaithe, achomhairc agus monatóireachta.

Mar chabhair leis an bpróiseas is mian le FNT soiléiriú a lorg ar bhrí chuid den téarmaíocht atá sna cáipéisí do na seisiúin eolais maidir leis an tSamhail Nua Mhaoinithe, téarmaí nach bhfuil mínithe soiléire ann dóibh: *athruithe teangeolaíochta*; *torthaí sonrach, indéanta, réalaíoch*; *nuálacht*; *nuálaíocht*; an difríocht idir *plean*, *straitéis* agus *mórstraitéis*.

Moladh: Míniú agus tuiscintí, i gcomhthéacs na staide reatha, a chur ar fáil ar théarmaí áirithe teicniúla.

Bíonn géarghá le pleanáil a dhéanamh ag an am seo den bhliain do naíonraí agus do theaghlaigh, ach go háirithe do leanaí atá ag tosú sa naíonra ag tús na chéad scoilbhliana eile. Is den riachtanas é go mbeadh stiúrthóirí ar an eolas faoi sheirbhísí agus faoi thacaíochtaí roimh aimsir athoscailte i mí Mheán Fómhair. Naíonra ar bith a thagann faoin ECCE, tá dualgas orthu féilire iomlán na scoilbhliana maidir le huaireanta oscailte agus laethanta saoire agus oiliúna a sheoladh chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige roimh lár Mheán Fómhair chun a chinntiú go bhfaigheadh siad na deontais chuí.

Agus an easpa soiléire atá san earnáil, caithfear a bheith san airdeall nach ndéanfaí aon dochar do sheirbhísí reatha na n-eagras ná don dea-thoil atá léirithe go leanúnach ag pobal na Gaeilge don earnáil, trí imní a scaipeadh i measc an phobail sin. Toisc go bhfuil an doiléire seo ann, agus seans go mbeadh baol ann faoi thodhchaí an eagrais, cothaíonn na cúinsí seo míshocracht i measc lucht rialachais na n-eagras.

Tá dualgais faoi leith ar gach eagras maidir lena gcuid fostaithe de réir na reachtaíochta fostaíochta. Creideann FNT go bhfuil brú breise ar an eagras maidir leis seo i gcomhthéacs na samhla nua mhaoinithe agus cuireann sin isteach ar obair an eagrais. Tá an t-ádh le FNT go bhfuil foireann ag an eagras a bhfuil sainscileanna agus taithí faoi leith acu sa réimse oibre luathbhlianta.

Maoiniú Ilbhliantúil

Cruthaíonn torthaí taighde ((i) *Mid-term Review of Irish Aid Development Education Strategy (2007 – 2011)* www.irishaid.gov.ie; (ii) http://www.wheel.ie/news/funding-scheme-support-national-organisations-cv-sector) gurb í an infheistíocht ilbhliantúil an cur chuige is fearr chun leasa agus forbartha na hearnála deonaí. Chun a chinntiú go bhfeadfaí tabhairt faoi phleanáil leanúnach agus éifeachtúil, a thacódh le seirbhísí cúram leanaí trí mheán na Gaeilge ar ardchaighdeán maille le soláthar acmhainní agus áiseanna do leanaí óga, ba chóir go gcuirfí maoiniú ilbhliantúil ar fáil d'FNT. Is iad sealbhú agus saibhriú na Gaeilge atá mar bhunchloch sna naíonraí agus in obair FNT. Is gá tabhairt faoin bpróiseas phleanáil teanga agus cur i bhfeidhm an phlean ar bhonn fad-téarmach chun sealbhú an dara teanga ag leanaí óga a éascú agus a chur i gcrích gan dua.

Chuige seo molann FNT go láidir go gcuirfí maoiniú ilbhliantúil imfhálaithe ar fáil d'FNT chun na torthaí teangeolaíochta is fearr do leanaí óga a chinntiú agus chun soláthar seirbhísí luathbhlianta ar ardchaighdeán a dheimhniú sna naíonraí go huile-oileáin. Moltar go gcuirfí eolas maidir le maoiniú na bliana dar gcionn ar fáil in am cuí, mar shampla trí mhí roimhré.

Cé go ndéanann FNT an moladh thuas go láidir, i gcomhthéacs na scéimeanna atá leagtha amach ag Foras na Gaeilge ba cheart go mbeadh buiséid thráscacha ag dul le gach scéim.

Moltaí: Go gcuirfí maoiniú ilbhliantúil imfhálaithe ar fáil don earnáil in am cuí.

Go mbeadh buiséad táscach ar fáil do chuile scéim.

Baineann deacrachtaí faoi leith leis an gcur chuige atá in úsáid nuair a bhíonn eagrais ón dá dhlínse ag cur comhéilimh chuig Foras na Gaeilge. De réir taithí FNT agus Altram cuirtear go mór leis an ualach oibre riaracháin agus le costais bhainc an dá eagras, de dheasca an dá airgeadra. Ardaíonn an cur chuige seo go leor ceisteanna maidir le neamhspleáchas agus rúndacht eagrais ar bith.

Anuas air sin tá difríochtaí suntasacha idir earnáil na luathbhlianta i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann: cúrsaí reachtaíochta; caighdeáin agus curaclaim (*Síolta* agus *Aistear* vs *Nursery Education Guidelines "The Curriculum" NICC*); imréiteach ón nGarda Síochana agus imréiteach ó Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann; na tacaíochtaí a bhfuil na heagrais dheonacha freagrach astu i dtaobh ECCE agus PEAGS.

Córas Measúnaithe agus Achomhairc

Tá sé tugtha faoi deara ag FNT go bhfuil próiseas measúnaithe agus achomhairc trédhearcach agus soléite in úsáid ag An gComhairle Ealaíon agus ag Bord Scannán na hÉireann maidir le hiarratais ar mhaoiniú agus molaimid an chaoi a leagtar amach an cur chuige sa dá chás:

Seo thíos tá giotaí ó shuíomh na Comhairle Ealaíon:

Bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní atá le fáil. Dámhtar na dámhachtana aiseanna ar bhonn iomaíochta de réir na gcritéar a léiríodh agus, i gcás ar cuí é, de réir sainchritéar ar leith dhámhachtain.

***Achomhairc** - Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh gnásanna foilsithe na Comhairle, nó nár cloíodh leo nó gur feidhmíodh go héagórach iad.*

I ngach uile ghné dá cuid oibre, tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do chóras gnásanna agus próiseas a sholáthar atá oscailte, cuntasach agus inrochtana.

(http://www.artscouncil.ie/ga/fundInfo/after_you_apply.aspx)

Seo thíos tá giotaí ó shuíomh Bhord Scannán na hÉireann:

Tionóltar cruinnithe ar leith chun iarratais ar mhaoiniúchán forbartha agus iarratais ar mhaoiniú léiriúcháin agus dáileacháin a mheas

Má tá tú míshásta leis an tslí inar próiseáladh d'iarratas, ba chóir duit scríobh chuig Príomhfheidhmeannach BSÉ/IFB. Ba chóir go leagfadh an litir amach go soiléir na cúiseanna gearáin, agus go dtabharfadh sí an oiread mionsonraí agus is féidir

Glacfar go han-dáiríre le gearáin maidir le nósanna imeachta agus déanfaidh an Príomhfheidhmeannach iad a iniúchadh go hiomlán.

(http://www.irishfilmboard.ie/gaeilge/Iarratais_agus_Cinnti/15)

Moladh: Molann FNT go mbreathnódh Foras na Gaeilge ar an dá chur chuige thuasluaite i dtaobh mhaoiniú na hearnála, ach go háirithe critéir na scéimeanna, fad na scéimeanna agus córas achomhairc.

Scéim Luathbhlianta

An mbeidh na hacmhainní cuí ann chun leanúint le réimse na hoibre mar atá faoi láthair agus chun cur leis an obair sin amach anseo? Sin í an cheist is mó atá i mbéal lucht na luathbhlianta i dtaca leis an samhail nua mhaoinithe.

Le tamall anuas tá straitéisí stáit nua tagtha ar an saol a bhaineann go dlúth le hobair FNT, mar shampla *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030* agus *Plean Straitéiseach Náisiúnta 2011-2013 : Cláir um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige*, agus tá creatchuraclam, *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige*, agus *Síolta - An Chreatlach Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige* le cur i bhfeidhm sna naíonraí, le tacaíocht leanúnach ó FNT. Tá sé de dhualgas ar naíonraí cloí le rialacháin dhochta agus le reachtaíocht a bhaineann le cosaint leanaí, le himréiteach An Gharda Síochána agus le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta . Tugann FNT cúnamh agus comhairle do Naíonraí ar na hábhair seo agus cuidímid leo oibriú dá réir.

Taighde

In earnáil atá leathan-réimseach agus éagsúil tá an taighde rí-thábhachtach. Le 15 bliain anuas tá taighde déanta ag an Dr Tina Hickey (*An Luath Thumadh in Éirinn*, 1997) agus ag an Dr Máire Mhic Mhathúna (*Storytelling as Vehicle for Second Language Acquisition: Learning Irish in a Naíonra*, Tráchtas PhD, 2004; *Pleanáil Curaclam agus Teanga sa Naíonra*, Cúnamh, 2005) ar an LTI, na buntáistí a bhaineann leis an gcur chuige sin agus roinnt nod agus treoracha faoi conas an Ghaeilge a shealbhú sa naíonra, Tá FNT agus Gaelscoileanna Teo i mbun taighde faoi láthair ar an aistriú ón naíonra chuig an ghaelscoil. Beidh an taighde sin agus a thorthaí ar fail i bhfómhar na bliana seo.

Nuair a fhoilsítear torthaí taighde bíonn saineolais agus fianaise nua agus sa bhreis ar fáil don earnáil chun tabhairt faoin dea-chleachtas sa naíonra, chun áiseanna nua a fhorbairt agus chun cúrsaí oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar do phobal naíonraí na tíre. Is chun leasa gach linbh an taighde agus na forbairtí a eascraíonn as.

Beidh FNT ag ullmhú clár taighde go luath agus cuideoidh na torthaí taighde seo go mór le dul chun cinn na hearnála agus le hobair an eagrais. Tá téamaí taighde faoi leith a bhaineann leis na luathbhlianta agus an Ghaelscolaíocht. Creideann FNT go bhfuil gá le ciste taighde a bhunú a chuirfeadh ar chumas na n-eagras tabhairt faoi thaighde as a stuaim fhéin nó i bpáirtnéireacht le heagrais eile.

Moladh: Go mbunófaí ciste taighde don earnáil.

Scéim Fhóirdheontais agus Scéim Chabhrach

Íocadh an scéim seo den chéad uair i Meán Fómhair 1999. Bronnadh an scéim fhóirdheontais chun aitheantas a thabhairt don obair bhreise a bhí le déanamh chun sealbhú na Gaeilge agus an LTI a chinntiú sa naíonra. Ó shin i leith tá líon sheisiúin na Naíonraí ag fás an t-am ar fad agus tá líon na leanaí ag freastal ar na seisiúin ag fás. Is de réir líon na leanaí a íoctar deontas leis na Naíonraí faoi láthair. Déantar an scéim a riaradh faoi thrí sa bhliain, de réir fhéilire na scoilbhliana, .i. Meán Fómhair – Nollaig, Eanáir – Márta agus Aibreán – Meitheamh. (Féach Aguisín 1 – *Téarmaí agus Coinníollacha an Scéim Fhóirdheontais*)

Le linn 2010 d'oscail 18 Naíonraí nua agus bhí chuile cheann acu i dteideal cur isteach ar an Scéim Fhóirdheontais ó Eanáir 2011 ar aghaidh. Cinntíonn an scéim seo go bhfuil seirbhís cúraim agus luathoideachais trí mheán na Gaeilge den scoth ar fáil do 3,500+ leanaí gach bliain. Cabhraíonn an scéim seo le dul chun cinn an Naíonra agus le gairmiúlacht na foirne.

I dtaobh na ndréacht chritéar don Scéim Réamhscolaíochta mar atá leagtha amach ag Foras na Gaeilge níl aon cheann acu indéanta mar go bhfuil dualgais dhlíthiúla ar naíonraí atá ag glacadh páirte sa scéim ECCE. Caithfidh na naíonraí sin tús áite a thabhairt do leanaí atá san aois chohórt réamhscoile. Níl sé ceadaithe do naíonraí ECCE glacadh le leanaí don dara bliain, ach amháin sa chás go bhfuil áiteanna neamhlíonta acu.

Cuirtear Scéim Chabhrach ar fáil do gach naíonra nua. Sa Scéim Chabhrach cuirtear trealamh naíonra, cluichí boird agus pacáiste leabhar ar fáil móide deontas beag chun cabhrú le bunú an Naíonra. Tá luach €1,000 leis an Scéim Chabhrach do gach naíonra nua.

Rinne FNT agallaimh le stiúrthóir i naíonra bunaithe naíonra agus duine a bheidh ag oscailt naíonra i mbliana le déanaí ar an ábhar seo agus tá físeán gairid le feiceáil ar:
http://www.youtube.com/watch?v=1E_i9OW4aqw

Tugann na Stiúrthóirí léargas ar an leas a bhaintear as an Scéim Fhóirdheontais agus ar an tábhacht a bhaineann leis an Scéim Chabhrach nuair a bhíonn Naíonra á bhunú.

Molann FNT go leanfar leis na scéimeanna seo a reáchtáil agus go ndéanfaidh FNT na scéimeanna a riaradh ar son Fhoras na Gaeilge. Tá saineolas agus taithí ag foireann FNT ar a bhfuil i gceist leis an riarachán a bhaineann leis an scéim fhóirdheontais agus an scéim chabhrach.

Moladh: Go leanfar leis an Scéim Fhóirdheontais agus an Scéim Chabhrach agus go ndéanfaidh FNT iad a riaradh

Scéim Oiliúna

Tá stiúrthóirí naíonraí ag díriú isteach ar oiliúint agus ar thraenáil ghairmiúil, ach go háirithe ar chúrsaí creidiúnaithe. Chuige sin cuireann FNT réimse leathan cúrsaí oiliúna ar fáil chuile bhliain do stiúrthóirí naíonraí, ina measc tá dianchúrsa d'ábhar stiúrthóirí naíonraí agus cúrsa bainistíochta Naíonra:

Cúrsaí Creidiúnaithe – Cuireann FNT cúrsaí creidiúnaithe CDBO (FETAC) sa tsiúil de réir éilimh. Faoi láthair tá cúrsaí ag Leibhéal 5 agus Leibhéal 6 i gcúram leanaí idir lámha ag foghlaimeoirí agus tá na cúrsaí sin maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Dianchúrsaí - Is cúrsa riachtanach é an Dianchúrsa dóibh siúd atá ag iarraidh feidhmiú mar stiúrthóir Naíonra, le tuiscint chuimsitheach a thabhairt dóibh ar a bhfuil i gceist le naíonra a bhunú, a bhainistiú agus a rith.

Tá ceithre chuid ag baint leis an Dianchúrsa:

1. Agallamh Gaeilge – Bunaithe ar ábhar ón *Lámhleabhar do Stiúrthóirí Naíonraí*
2. Dianchúrsa – Cúrsa seachtaine de cheardlanna agus de léachtaí (Féach Aguisín 2)
3. Taithí oibre trí sheachtaine i naíonra seanbhunaithe arna aontú le FNT
4. Dialann Oibre – Léiríonn seo go bhfuil tuiscint chuimsitheach ag an té a bhfuil i gceist aige/aici a bheith ag obair i naíonra agus gur féidir leis/léi na scileanna agus na cleachtais ón gcúrsa a chur i bhfeidhm sa naíonra. Nuair a chríochnaítear an Dialann Oibre go dtí leibhéal sásúil, bíonn an t-iarrthóir cáilithe mar stiúrthóir naíonra.

Bronnann FNT teastas orthu siúd agus an cúrsa críochnaithe acu, .i. cúrsa ar fad déanta agus an taithí agus dialann oibre curtha i gcrích acu.

Tá FNT ag tabhairt faoi athbhreithniú ar an dianchúrsa faoi láthair agus beidh an cúrsa leasaithe le teacht i bhfeidhm le linn 2012.

Cúrsa bainistíochta - Tá níos mó dualgas ar bhainistíocht ionaid chúram leanaí anois ná riamh roimhe seo. Chuige sin reáchtáiltear cúrsa oiliúna, i gcomhar leis *Na Naíonraí Gaelacha*, do bhainisteoirí agus do choistí naíonraí. Tá an-chuid eolais bailithe ag na heagrais agus tá saineolas faoi leith ag foireann FNT sa ghné seo d'obair na hearnála. Is ag díriú aird na bainistíochta ar thábhacht polasaithe, próiseas agus freagrachtaí atá an cúrsa seo.

Moladh: Molann FNT go gcuirfeadh Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil chun clár oiliúna fairsing a thairiscint do Stiúrthóirí Naíonraí.

Scéimeanna Tacaíochta

Mar chuid lárnach d'obair FNT tá na scéimeanna tacaíochta. Tá réimse leathan tacaíochtaí de dhíth ó naíonraí na tíre agus ó na teaghlaigh atá bainteach leo. Chuige sin déanann FNT ionadaíocht ar son na hearnála luathbhlianta Gaeilge go náisiúnta agus go háitiúil.

Reáchtáileadh scéim nua i mbliana, Clinicí Naíonraí. Bhí muintir FNT ar fáil i ndiaidh am Naíonra (3.30 – 7.00) le bualadh le Stiúrthóirí agus/nó coistí ag am aontaithe. I rith an lae tugadh cuairt ar Naíonraí sa cheantar, ag bualadh le coistí cúram leanaí agus ag déanamh poiblíochta agus stocaireachta ar son FNT agus ar son Naíonraí an cheantair. D'éirigh go han-mhaith leis an scéim nua seo agus leanfar léi amach anseo, maraon le líonraí logánta a bhunú do Stiúrthóirí naíonraí.

Riarachán agus fostaíocht - Tá foireann bheag ag FNT le tacaíocht riaracháin (scéim árachais, scéim chabhrach do naíonraí nua, scéim fhóirdheontais srl.) agus tacaíocht phraiticiúil (oiliúint, bunú naíonraí, buanú naíonraí, obair taighde srl.) a sholáthar d'earnáil na luathbhlianta Gaeilge agus ionadaíocht a dhéanamh thar cheann na naíonraí ar choistí náisiúnta comhairliúcháin (Coiste Náisiúnta Comhordaithe um Chúram Leanaí, Coistí Chontae Cúram Leanaí, coistí comhairleach CNCM srl.) chun guth láidir na naíonraí a chinntiú.

Moladh: Chun na scéimeanna tacaíochta a soláthar don earnáil tá acmhainní agus infheistíocht leanúnach de dhíth chun todhchaí na luathbhlianta Gaeilge a chinntiú agus a fheabhsú, agus molann FNT go leanfar leis an maoiniú seo.

Conclúid

Tacaíonn FNT le Foras na Gaeilge maidir leis na mór-chuspóirí atá leagtha amach aige do chur chun cinn na Gaeilge – Stádas, Úsáid, Cumas. Tá sé mar phríomhaidhm ag FNT go mbeadh an Ghaeilge á sealbhú ag leanaí óga agus go mbeadh ardchaighdeán teanga le cloisteáil i naíonraí na tíre. Feictear d'FNT go réitíonn an dá dhearcadh go maith le chéile.

Moltar go mbeadh aird faoi leith á tabhairt ar mhaoiniú aon eagrais atá ag cur seirbhísí leanúnacha, fadtéarmacha ar fáil agus go leanfaí leis sin chun tógáil ar an scéimeanna tacaíochta reatha, mar aon le maoiniú a dháileadh ar eagrais atá ag tabhairt faoi obair ar bhealaí nuálaíocha.

Chuige sin molaimid go ndéanfaí tuilleadh plé agus go lorgófaí ionchur ó na heagrais maidir le todhchaí an mhaoinithe agus na hearnála. Tá FNT den tuairim gur fiú scagadh a dhéanamh ar thionscadail atá ag feidhmiú san earnáil agus atá ag cur le húsáid na Gaeilge sa phobal cheana féin agus go ndéanfaí athdhréachtú, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara, ar na scéimeanna atá molta ag Foras na Gaeilge ag eascairt as an bplé seo.



Aguisín 1

Téarmaí & Coinníollacha an Scéim Fhóirdheontais

Tá airgead poiblí i gceist leis an bhfóirdheontas seo agus tá sé á íoc le Naíonraí ar na coinníollacha seo a leanas

1. Go bhfuil Dianchúrsa Forbairt Naíonraí Teoranta déanta ag Stiúrthóir an Naíonra
2. Go bhfuil an Naíonra **á reáchtáil go hiomlán trí mheán na Gaeilge**.
3. Go bhfuil freastal á dhéanamh ar fhorbairt iomlán an linbh sa Naíonra.
4. Go bhfuil modh an tsúgartha, a thugann aitheantas do mhodh foghlama an linbh ag aois 3-5 bliana, i bhfeidhm sa Naíonra agus na bunghníomhaíochtaí seo a leanas ar siúl go rialta sa Naíonra :
    - Ealaín
    - Imirt le brící agus ábhar tógála
    - Gaineamh agus Uisce
    - Cré agus taos
    - Cúinne Baile
    - Scéalaíocht
    - Ceol, amhráin, rannta agus gluaiseacht
    - Gníomhaíochtaí Réamhléitheoireachta
    - Staidéar ar an Dúlra
5. Go bhfuil polasaithe ag an Naíonra maidir le
    - Fostú Stiúrthóirí/Stiúrthóirí Cúnta agus Gaeilge ag an duine a fhostófar
        - Poist a fhógairt go poiblí
        - Agallamh a chur ar iarrthóirí
        - Conradh a chur ar fáil dóibh
        - Cáin Ioncaim agus ÁSPC a bhaint agus a íoc
    - Iontráil
    - Tuismitheoirí
    - Sláinte agus Sábháilteacht
    - Bainistiú Iompar Leanaí
    - Cosaint Leanaí
    - Rúndacht
6. Go bhfuil glacadh le cuairteanna ó fhoireann Fhorbairt Naíonraí Teoranta.

******Mura fhreastalaíonn duine ón Naíonra ar Chruinniú Cinn bhliana Na Naíonraí Gaelacha, beidh laghdú 10% ar íocaíochtaí an Fhóirdheontais ón gcéad íocaíocht i 2012 ar aghaidh.******

****** Tabhair faoi deara go mbeidh an t-eolas seo a leanas á lorg chun fóirdheontas a fháil: ******

- ✓ Más Naíonra Pobail atá i gceist agus Coiste mar fhostóirí, caithfear uimhir fhostóra an choiste agus uimhreacha PPS do gach fostaí a chur ar fáil
- ✓ Más Naíonra Príobháideach atá ann agus Stiúrthóirí féin-fhostaithe, caithfear uimhir chánach féinfhostaí gach duine a chur ar fáil.
- ✓ Má tá Stiúrthóir amháin féin-fhostaithe agus ag fostú Stiúrthóir(í) eile, caithfear uimhir chánach féinfhostaí agus uimhir PPS gach fostaí a chur ar fáil.
- ✓ I gcás Naíonra a fhaigheann fóirdheontas thar €10,000 sa bhliain, caithfear Deimhniú Imréitigh Cánach (Tax Clearance Certificate) TC2 a chur ar fáil do Fhorbairt Naíonraí Teoranta, fiú sa chás go bhfuil Stádas Carthanachta ag an Naíonra.

Aguisín 2

Clár Ama don Dianchúrsa

Lá 1	Lá 2	Lá 3	Lá 4	Lá 5
Fáilte agus aidhmeanna an Chúrsa	Clár Bliana an Naíonra (Pleanáil)	Drámaíocht sa Naíonra	Sárshaothar sa Naíonra - Clár d'Ardchaighdeán	Puipéid agus Scéalaíocht sa Naíonra
Tae / Caife	Tae / Caife	Tae / Caife	Tae / Caife	Tae / Caife
An Luath-Thumoideachais Iomlán	Clár Bliana an Naíonra (Pleanáil)	Drámaíocht sa Naíonra	Sárshaothar sa Naíonra - Clár d'Ardchaighdeán	Margaíocht an Naíonra
Sealbhú na Gaeilge	Clár Bliana an Naíonra (Pleanáil)	Forbairt an Pháiste	Taithí Oibre & Dialann Oibre	Ról an Naíonra i bPobal na Gaeilge
Lón	Lón	Lón	Lón	Lón
Pleanáil lae an Naíonra	Reachtaíocht agus rialacha an Naíonra	An Cúinne Ealaíne Cruthaitheach	Timpeallacht Foghlamtha	Leanúnachas ón Naíonra go dtí an Ghaelscoil
Pleanáil lae an Naíonra	Sábháilteacht sa Naíonra	Gaineamh agus Uisce sa Naíonra	Ag réiteach Fadhbanna	Úsáid na Gaeilge le Leanaí Óga (Céimeanna Beaga)